



Na Scoileanna Eorpacha

Oifig an Rúnaí Ginearálta

An tAonad Forbartha Oideolaíoch

Ref.: 2011-09-D-38-ga-4

Orig.: EN

AN SIOLLABAS GAEILGE TEN - BLIANTA S1 - S7

AN COMHCHOISTE TEAGAISC

ONL IRISH SYLLABUS - YEARS S1 - S7

APPROVED BY THE JOINT TEACHING COMMITTEE

Meeting on 7 and 8 February 2013 – Brussels

Teacht i bhfeidhm : 1 Meán Fómhair 2012
Entry into force: 1st September 2012

CLÁR

RÉAMHRÁ

- 1. CUSPÓIRÍ GINEARÁLTA**
- 2. PRIONSABAIL THEAGASCACHA**
- 3. CUSPÓIRÍ FOGHLAMA/ÁBALTACHTAÍ**
- 4. ÁBHAR**
- 5. MEASÚNÚ**
- 6. AGUISÍN**

RÉAMHRÁ

Tar éis do Bhord na nGobharnóirí, ar an 15 Aibreán 2011, faomhadh a thabhairt don doiciméad 2011-01-D-33-en-7 a bhaineann le heagrú an staidéir agus na gcúrsaí sna Scoileanna Eorpacha, tugadh Gaeilge TEN (“*Teanga Eile Náisiúnta*”, Other National Language) isteach i gcóras na Scoileanna Eorpacha i Meán Fómhair 2011. Ag leibhéal S1 agus S2, tháinig na forálacha nua i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2011.

Baineann na socrúithe amchláráithe a leanas le TEN ag an dara leibhéal:

Blianta S1 – S3 go huile (timthriall 1)	2 thréimhse x 45 nóiméad sa tseachtain
Blianta S4 – S5 (timthriall 2)	4 thréimhse x 45 nóiméad sa tseachtain
Blianta S6 – S7 (timthriall 3)	4 thréimhse x 45 noiméad sa tseachtain

Beidh na ranganna ‘cosanta’, sa bhrí go mbunófar ranganna d’aon líon ar bith de scoláirí i gCatagóir I nó II.

Tá sé d’aidhm leis an siollabas TEN iarbhuioideachais seo tógáil ar na scileanna atá sealbhaithe cheana ag scoláirí agus a n-eolas agus a gcumais teangeolaíochta sa Ghaeilge a fhorbairt a thuilleadh. Tá sé d’aidhm leis freisin úsáid nádúrtha agus chumarsáideach na teanga a chur chun cinn agus foghlaimeoirí a ullmhú chun cúrsaí tríú leibhéal sa Ghaeilge a leanacht más mian leo sin. Déantar iarracht ann a chur ar chumas scoláirí saghsanna éagsúla téacsanna a ionramháil agus a úsáid agus feacht níos doimhne a chothú iontu ar theanga, cultúr agus litríocht na Gaeilge.

Tá an siollabas TEN Gaeilge bunaithe ar *Creatlach Tagartha Coiteann Eorpach do Theagasc agus Foghlaim Teangacha Iasachta* agus ar *Creatlach Eorpach de Eochairchumais do Fhoghlaim ar feadh Saoil*.

Ina chuspóirí, ábhar agus modhanna, léiríonn an siollabas an bonn coiteann, armónach a bhaineann le hachar na nuatheangacha sna Scoileanna Eorpacha, rud atá i bhfeidhm cheana i mórán córas náisiúnta.

Díríonn an siollabas isteach ar an eolas agus na hábaltachtaí atá le gnothú um dheireadh gach timthrialla, agus cuimsíonn sé cuspóirí ginearálta, prionsabail theagascacha, cuspóirí foghlama, ábhar agus measúnú. Leagann sé amach na torthaí foghlama a mbeifí ag súil lena ngóthú ag scoláirí um dheireadh gach timthrialla, agus cuireann sé síos ar an eolas agus na scileanna a shealbhóidh siad le go bhféadfaidh siad cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach.

Tá struchtúr an tsíollabais gearr d’aon ghnó ach déantar fairsingiú air i bhfoirm nótaí tráchta (mar aguisín). Tig le *Tairseach na Foghlama* fóram breise a chur ar fáil do threoirilínthe, soiléiriú nó comhairle bhreise.

INTRODUCTION

Following the Board of Governors' approval, on 15 April 2011, of the document 2011-01-D-33-en-7 relating to the organisation of studies and courses in the European Schools, ONL (Other National Language) Irish was introduced into the European School system in September 2011. At levels S1 and S2 the ONL new provisions came into effect on 1st September 2011.

The following timetabling arrangements apply to ONL at secondary level:

Years S1 – S3 inclusive (cycle 1)	2 x 45 minute periods per week
Years S4 – S5 (cycle 2)	4 x 45 minute periods per week
Years S6 – S7 (cycle 3)	4 x 45 minute periods per week

Classes are 'protected' in that classes will be formed for any number of Category 1 or Category II students.

This ONL post-primary syllabus aims to build on the skills students have already acquired and to further develop their knowledge and linguistic competences in Irish. It aims to promote natural and communicative use of the language and is intended to prepare learners to follow third-level courses in Irish should they so wish. It seeks to provide students with the ability to manipulate and use different types of texts and to give them a deeper awareness of the Irish language, culture and literature.

The ONL Irish syllabus is based on the *Common European Framework of Reference for the Teaching and Learning of Foreign Languages* and the *European Framework for Key Competences for Lifelong Learning*.

The syllabus reflects in its objectives, content and methods a common, harmonised basis in the field of modern languages for the European Schools as already used by many national systems.

The syllabus focuses on the knowledge and the competences to be attained at the end of each cycle, and includes general objectives, didactic principles, learning objectives, contents and assessment. It presents the learning outcomes which students will be expected to achieve at the end of each cycle, and describes the knowledge and skills they will develop to be able to communicate effectively.

The structure of the syllabus is intentionally brief but is expanded through a commentary (annex). The Learning Gateway can provide a forum for additional guidelines, clarification or advice.

INTRODUCTION

Suite à l'approbation, par le Conseil supérieur, le 15 avril 2011, du document 2011-01-D-33-en-7 portant sur l'organisation des études et des cours dans les Ecoles européennes, l'irlandais ONL (*Other National Language*, « autre langue nationale ») a été introduit dans le système des Ecoles européennes en septembre 2011. Pour les 1^{ère} et 2^e secondaire, les nouvelles dispositions concernant l'ONL sont entrées en vigueur le 1^{er} septembre 2011.

Les dispositions horaires suivantes sont applicables à l'ONL à l'école secondaire :

1 ^{ère} -3 ^e (1 ^{er} cycle)	2 périodes hebdomadaires de 45 minutes
4 ^e & 5 ^e (2 ^e cycle)	4 périodes hebdomadaires de 45 minutes
6 ^e & 7 ^e (3 ^e cycle)	4 périodes hebdomadaires de 45 minutes

Les cours sont « protégés », c'est-à-dire créés pour les élèves de Catégorie I ou II quel que soit leur nombre.

Le programme d'ONL de secondaire a vocation à s'appuyer sur les savoir-faire que les élèves ont déjà acquis et à perfectionner leur maîtrise et leurs compétences linguistiques en irlandais. Il vise à promouvoir l'usage naturel de la langue dans la communication et à préparer les apprenants à suivre des études supérieures en irlandais s'ils le souhaitent. Il entend doter les élèves de la capacité à manipuler et exploiter divers types de textes et à approfondir leur sensibilité à la langue, la culture et la littérature irlandaises.

Le programme d'irlandais ONL repose sur le *Cadre européen commun de référence pour l'enseignement et l'apprentissage les langues étrangères* et le *Cadre européen des compétences clés pour l'éducation et la formation tout au long de la vie*.

A travers ses objectifs, son contenu et ses méthodes, le programme traduit un socle commun harmonisé dans le domaine des langues modernes pour les Ecoles européennes tel qu'en exploitent déjà de nombreux systèmes nationaux.

Le programme se concentre sur les savoirs et les compétences à acquérir au terme de chaque cycle et aborde des objectifs généraux, des principes didactiques, des objectifs d'apprentissage et des contenus ainsi que l'évaluation. Il présente les acquis de l'apprentissage que les élèves sont censés maîtriser au terme de chaque cycle et décrit les savoirs et savoir-faire qu'ils acquerront pour communiquer efficacement.

La structure du programme est volontairement succincte mais fait l'objet d'un développement sous la forme d'un commentaire (annexe). Le Portail d'apprentissage pourra servir de forum pour toute orientation, précision ou conseil complémentaire.

EINLEITUNG

Im Anschluss an die Genehmigung des Dokuments 2011-01-D-33-de-7 über die Unterrichts- und Fächerorganisation an den Europäischen Schulen durch den Obersten Rat am 15. April 2011 ist der Lehrplan Irisch ONL (*Other National Language*, 'Andere Landessprache') im September 2011 im System der Europäischen Schulen eingeführt worden. In den Klassen S1 und S2 sind die neuen ONL-Vorkehrungen zum 1. September 2011 in Kraft getreten.

Folgende Stundenplanvorgaben sind im Sekundarbereich für ONL zu beachten:

Klassen S1 – S3 einschl. (Stufe 1)	2 Unterrichtsperioden von 45 Minuten pro Woche
Klassen S4 – S5 (Stufe 2)	4 Unterrichtsperioden von 45 Minuten pro Woche
Klassen S6 – S7 (Stufe 3)	4 Unterrichtsperioden von 45 Minuten pro Woche

Die Klassen sind insofern 'geschützt' als dass sie für gleich welche Anzahl Schüler der Kategorie I oder Kategorie II gegründet werden.

Dieser Lehrplan für ONL im Sekundarbereich beruht auf den bereits erworbenen Fertigkeiten der Schüler und bezweckt den weiteren Ausbau ihres Wissens und ihrer Kompetenzen in Irisch. Ferner steht die Förderung der natürlichen und kommunikativen Sprachverwendung sowie die Vorbereitung der Lernenden auf eine Fortsetzung ihrer Erziehung im tertiären Bildungsbereich auf Irisch, insofern dies gewünscht ist, im Mittelpunkt. Die Schüler sollen lernen, mit unterschiedlichen Textformen umgehen und sie einsetzen zu können, und ein besseres Verständnis der irischen Sprache, Kultur und Literatur erwerben.

Der Lehrplan Irisch ONL stützt sich weitgehend auf das *Gemeinsame Europäische Rahmenwerk für den Unterrichts- und Lernprozess für Fremdsprachen* und das *Europäische Rahmenwerk für Schlüsselkompetenzen für lebenslanges Lernen*.

Der Lehrplan spiegelt in seinen Zielsetzungen, in seinem Inhalt und in seinen Methoden eine gemeinsame, harmonisierte Grundlage für die modernen Sprachen an den Europäischen Schulen wieder, wie dies bereits in zahlreichen nationalen Bildungssystemen angewandt wird.

Der Lehrplan zielt auf das Wissen und die Kompetenzen ab, die zum Ende einer jeden Stufe erreicht werden müssen, und enthält allgemeine Zielsetzungen, didaktische Grundsätze, Lernziele, Lerninhalte sowie Beurteilungsmethoden. Er definiert die Lernergebnisse, die von den Schülern zum Abschluss einer jeden Stufe erwartet werden, und beschreibt das Wissen und die Fertigkeiten, die sie sich aneignen müssen, um effizient kommunizieren zu können.

Die konzise Struktur ist beabsichtigt und wird durch einen Kommentar (Anhang) weiter ausgeführt. Das Learning Gateway kann als Forum für zusätzliche Leitlinien, Klärungsbedarf oder Ratschläge dienen.

1. CUSPÓIRÍ GINEARÁLTA

Dhá cheann de chuspóirí mheánroinn na Scoileanna Eorpacha is ea oideachas foirmiúil, ábharbhunaithe a chur ar fáil agus forbairt phearsanta scoláirí a chothú i gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha níos leithne. Is é atá i gceist le hoideachas foirmiúil ná eolas, tuiscint, coincheapa agus scileanna a ghnóthú laistigh de gach achar ábhair. Tarlaíonn forbairt phearsanta i raon comhthéacsanna spioradálta, morálta, sóisialta agus cultúrtha. Áirítear inti feasacht ar iompar cuí, tuiscint don timpeallacht ina n-oibríonn agus a maireann scoláirí agus forbairt ar a bhféiniúlacht individiúil.

Cothaítear an dá chuspóir seo, atá dodheighilte i ndáiríre, i gcomhthéacs feasachta breisithe ar shaibhreas chultúr na hEorpa. Ba chóir go ngríosódh feasacht agus taithí ar shaol comhphárteach Eorpach na scoláirí chun breis omóis a léiriú do thraidisiúin gach tíre agus gach réigiúin ar leith san Eoraip, fad a bheadh a bhféiniúlachtaí náisiúnta féin á bhforbairt agus á gcoinneáil slán.

Saoránaigh na hEorpa agus an domhain a bheidh i scoláirí na Scoileanna Eorpacha sa todhchaí. Dá réir sin, beidh raon ábaltachtaí ag teastáil uathu le gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhain atá ag athrú go mear. Sa bhliain 2006, ghlac Comhairle na hEorpa agus Párlaimint na hEorpa le *Creatlach Eorpach de Eochairchumais don Fhoghlaim ar feadh Saoil*. Sainaithníonn sé seo ocht eochairchumas a bhíonn ag teastáil ó gach éinne do fhéinchoimhlíonadh agus do fhorbairt phearsanta, do shaoránacht ghníomhach, do chuimsiú sóisialta agus do fhostaíocht:

1. Cumarsáid sa mháthairtheanga
2. Cumarsáid i dteangacha iasachta
3. Cumas matamaiticiúil agus cumais bhunúsacha in eolaíocht agus teicneolaíocht
4. Cumas digiteach
5. Foghlaim conas foghlaim
6. Ábaltachtaí sóisialta agus saoránachta
7. Féith tionscnaíochta agus fiontraíochta
8. Feasacht agus cur in iúl cultúrtha.

Féachann curaclam na Scoileanna Eorpacha leis na heochairchumais seo go huile a chothú sna scoláirí. Cuireann na siollabais teanga go suntasach ní amháin le cumais chumarsáideacha a fhorbairt, ach freisin cumais shóisialta agus shaoránachta agus feasacht agus cur in iúl cultúrtha na scoláirí.

Féachann an siollabas Gaeilge TEN le deiseanna a chur ar fáil do scoláirí chun taithí a fháil ar an gcultúr Gaelach tríd an litríocht, ceol, béaloideas, etc. agus freisin a bhféinmheas agus a bhféinmhuinín a fhorbairt trí thuiscint a thabhairt dóibh ar a bhféiniúlacht agus a n-oidhreacht chultúrtha Eorpach.

Tá na cuspóirí foghlama tagarmharcáilte in aghaidh na leibhéil tagartha i *Creatlach Tagartha Coiteann Eorpach do Theangacha (CTCE)* de chuid Chomhairle na hEorpa.

Timthriall	Leibhéal inniúlachta
Timthriall 1: S1, S2 + S3	A2
Timthriall 2: S4 + S5	B1
Timthriall 3: S6 + S7	B2

Do theagasc agus d'fhoghlaim teangacha iasachta i gcóras na Scoileanna Eorpacha, déanfar tagairt do na tagarmharcanna CTCE seo a leanas:

L2	C1
L3	B1+
L4	A2+
TEN	B2

2. PRIONSABAIL THEAGASCACHA

Luaitear na prionsabail theagascacha a leanas mar threoir do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge TEN:

- Is sprioc foghlama uileghabhálach é cumas cumarsáideach teanga.
- Ba chóir na scileanna éisteachta, léitheoireachta, idirghníomhaíochta labhartha, cur in iúl labhartha agus scríbhneoireachta a fhorbairt go huile, ach braitheann a n-ualú coibhneasta ar an timthriall.
- Ba chóir go gcuirfí san áireamh sa teagasc dul chun cinn na scoláirí trí na céimeanna éagsúla sealbhú teanga. Ba chóir leas cuiditheach a bhaint as botúin na scoláirí chun an fhoghlaim a fhorbairt.
- Ba chóir an oiread úsáide agus is féidir a bhaint as an sprioctheanga.
- Ba chóir go spreagfaí scoláirí chun tarraingt ar na scileanna teanga agus na straitéisí foghlama atá acu cheana.
- Ba chóir go mbeadh éagsúlacht sna modhanna teagaisc agus sa chur chuige a úsáidtear.
- Moltar úsáid a bhaint as modheolaíochtaí teagaisc difreáilte chun freastal ar riachtanais dhifriúla na scoláirí uile.
- Ba chóir an leas is fearr a bhaint as na difríochtaí i stíleanna foghlama, rátaí foghlama, scileanna sóisialta, nearta agus laigí i measc na scolairí.
- Bainfidh na scoláirí amach líofacht, cruinneas agus neamhspleáchas trí úsáid a bhaint as raon acmhainní foghlama, ina measc TFC (teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide).
- Tá sé intuigthe ó inniúlacht mhaith sa teanga i gcomhthéacs go bhfuil tuiscint bainte amach de réir a chéile ar an teanga mar chóras.
- Ba chóir tosaíocht a thabhairt do fheidhmiúlacht nuair a bhíonn gramadach, moirfeolaíocht agus foclóir á múineadh.
- Ba chóir cumas soch-theangeolaíochta scoláirí a fhorbairt ionas go gcuimseofaí ann feasacht ar ghéithe mar réim theangeolaíochta, éagsúlachtaí teanga, etc.

Níl an liosta thuas lánchuímsitheach ná níl sé in ord tábhachta.

3. CUSPÓIRÍ FOGHLAMA:

Cuspóirí foghlama do Thimthriall 1 (S1-S3)

Um dheireadh Thimthriall 1, ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta:

1. Caint chaighdeánach labhartha, bunaithe ar achair a bhfuil ábharthacht phearsanta láithreach ag baint leo, a thuiscint agus an príomhphointe i dteachtaireachtaí agus i bhfógraí gearra, soiléire a aimsiú.
2. Téacsanna gearra, simplí faoi thoipicí aithnidiúla agus ábhair an ghnáthshaoil, scríofa i nGaeilge, a léamh agus a thuiscint e.g. fógraí sa rangsheomra Gaeilge, súmh idirlín i nGaeilge etc.
3. Bheith rannpháirteach i gcomhráití faoi thoipicí agus gníomhaíochtaí aithnidiúla.
4. Cur síos a dhéanamh ar a d(h)omhan féin (teaghlach, caitheamh aimsire, baile mór, scoil, etc.) le tagairt éigin don am atá caite agus don todhchaí.
5. Nótaí, teachtaireachtaí, ephoist agus litreacha gearra, simplí a scríobh mar gheall ar imeachtaí an ghnáthlae.
6. Eolas agus tuiscint bhunúsach a léiriú ar chultúr na hÉireann agus na bpobal a labhraíonn Gaeilge.
7. An t-eolas cultúrtha atá sealbhaithe aige/aici a ghaolú le heolas cultúrtha na hÉireann agus na bpobal a labhraíonn Gaeilge.

8. Raon straitéisí foghlaim teanga a shainaithint agus a fheidhmiú.
9. Raon scileanna bunúsacha staidéir agus uirlisí a chur i bhfeidhm ar fhoghlaim na sprioctheanga.

Cuspóirí foghlama do Thimthriall 2 (S4-S5)

Um dheireadh Thimthriall 2, ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta:

1. Caint chaighdeánach labhartha, atá bainteach le taitní phearsanta agus le roinnt toipicí spéise níos leithne, a thuiscint maille le príomhphointí cláir theilifíse agus raidió nuair a bhíonn an seachadadh soiléir agus mall.
2. Téacsanna, arb é a bhíonn iontu ná gnáthchaint an lae, a léamh agus a thuiscint agus bheith ábalta eolas sonrach a phiocadh amach as téacsanna gearra liteartha agus neamhliteartha.
3. Bheith rannpháirteach i gcomhráite agus eolas a mhalartú i dtaobh an ghnáthshaoil agus toipicí spéise ginearálta.
4. Cur síos ó bhéal, ar bhealach comhtháiteach, ar a t(h)aithí, a d(h)óchas agus a p(h)leananna féin, agus scéal nó plota leabhair nó scannáin a aithris.
5. Téacsanna simplí, comhtháiteacha a scríobh ar thoipicí atá bainteach le himeachtaí, taitní agus tuairimí an ghnáthlae.
6. Eolas agus tuiscint áirithe a léiriú ar chultúr na hÉireann, ar a n-áirítear an tsochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs.
7. Cóid bhunúsacha idirchultúrtha a aithint agus a úsáid chun idirghníomhú go cuí le cainteoirí Gaeilge.
8. Straitéisí éifeachtacha a roghnú chun a f(h)oghlaim individiúil teanga féin a eagrú.
9. Eolas ó raon leathan acmhainní páipéar-bhunaithe agus leictreonacha a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil, chun a scileanna teanga a fhorbairt.

Cuspóirí foghlama do Thimthriall 3 (S6-S7)

Um dheireadh Thimthriall 3, ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta:

1. Caint chaighdeánach, atá bainteach le toipicí spéise ginearálta agus le cúrsaí reatha mar mhíreanna nuachta, gearrthóga oiriúnacha as cláir raidió agus teilifíse, podchraoltaí idirlín agus scannáin ghearra, a thuiscint.
2. Téacsanna a bhaineann le fadhbanna comhaimseartha, ina gcuireann scríbhneoirí dearchthaí sonracha chun tosaigh, a léamh agus a thuiscint, maille le hanailís a dhéanamh ar théacsanna liteartha cuí, idir phrós agus fhilíocht.
3. Idirghníomhú le cainteoirí dúchasacha, bheith páirteach i gcomhráite mar gheall ar thoipicí gnáthúla agus tuairimí pearsanta a chur in iúl go measartha líofa as a stuaim féin.
4. Cuntais shoiléire, mhionsonraithe a thabhairt ar raon leathan ábhar atá bainteach lena (h)achar spéise féin, agus na cúiseanna atá le tuairimí agus pleananna a thabhairt agus iad a mhíniú
5. Téacsanna mionsonraithe a scríobh go soiléir agus go cruinn, mar shampla aistí, tuairiscí, litreacha agus bloganna a chuireann dearchthaí nó barúla ar raon toipicí spéise ginearálta in iúl.
6. Léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúr na hÉireann a thaispeáint, ar a n-áireofaí an tsochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs, agus na healaíona i gcoitinne.
7. Úsáid a bhaint as raon cóid idirchultúrtha chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.
8. Bheith freagrach, níos mó agus níos mó, as a f(h)oghlaim teanga féin.
9. Na hacmhainní atá ar fáil a mheas go criticiúil, agus iad siúd is intaofa agus is oiriúnaí do chuspóirí agus do lucht cumarsáide ar leith a roghnú.

4. **ÁBHAR:**

Timthriall 1 (S1-S3)

Um dheireadh Thimthriall 1, ba chóir go mbeadh a bhfuil thíos gnóthaithe ag an scoláire:

- eolas áirithe ar fhoghraíocht, tuin chainte agus rialacha litriúcháin
- eolas ar fhoclóir agus ar nathanna cainte coitianta
- eolas ar phatrúin focal agus struchtúir ghramadaí shimplí
- eolas ar conas foclóirí agus acmhainní eile, TFC san áireamh, a úsáid
- feasacht ar chultúr thír/phobal na sprioctheanga
- eolas áirithe ar bhunstraitéisí foghlaim teanga, ina measc feasacht ar a ndul chun cinn féin.

Timthriall 2 (S4-S5)

Trí thógáil ar an eolas agus na scileanna atá gnóthaithe cheana i dTimthriall 1, um dheireadh Thimthriall 2 ba chóir go mbeadh a bhfuil thíos gnóthaithe ag na scoláirí:

- eolas maith ar fhoghraíocht agus tuin chainte, agus rialacha comhdhlúite litriúcháin
- raon leathnaithe foclóra agus nathanna cainte
- raon leathnaithe patrúin focal agus struchtúir ghramadaí
- eolas ar conas obair thionscnaimh a dhéanamh, ag baint úsáide as raon acmhainní, ina measc TFC
- eolas áirithe ar stair agus cultúr thír/phobail na sprioctheanga agus teagmháil áirithe le téacsanna liteartha
- raon straitéisí foghlaim teanga agus uirlisí chun a bhfuil foghlamtha acu féin a mheas.

Timthriall 3 (S6-S7)

Trí thógáil ar an eolas agus na scileanna atá gnóthaithe cheana i dTimthriall 2, um dheireadh Thimthriall 3 ba chóir go mbeadh a bhfuil thíos gnóthaithe ag an scoláire:

- máistreacht bhunúsach ar chanúintí agus eolas ar réimeanna teanga eagsúla do dhála difriúla
- raon leathan foclóra agus foclóir a bhaineann le coincheapa teibí san áireamh
- raon de struchtúir ghramadaí choimpléascacha
- straitéisí do thaighde neamhspleách ag baint úsáide as raon acmhainní, ina measc TFC
- léargas ar chultúr thír/phobail na sprioctheanga agus staidéar ar théacsanna liteartha san áireamh *
- straitéisí neamhspleácha foghlama agus an cumas chun a bhfuil foghlamtha aige/aici féin a mheas.

* Déanfaidh scoláirí staidéar ar dhá théacs ainmnithe, ceann amháin le linn bliana S6 agus ceann eile le linn bliana S7. Tá na sonraí ar fáil ar an nGeata Foghlama.

5. MEASÚNÚ:

Timthriall 1 (S1- S3)

A) Measúnú Foirmitheach

Ba chóir gur measúnú foirmitheach a bheadh i gceist den chuid is mó. Trí bhreathnóireacht an mhúinteora, trialacha agus féinmheasúnú, gnóthaíonn na scoláirí feasacht ar a leibhéal agus ar a ndul chun cinn i gcaitheamh an chúrsa. Ba chóir na cuspóirí foghlama don timthriall a bheith mar bhonn don mheasúnú. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na greillí féinmheasúnaithe sa CTCE agus sna Punanna Eorpacha Teanga.

Timthriall 2 (S4 - S5)

A) Measúnú Foirmitheach

Ba chóir gur measúnú foirmitheach a bheadh i gceist den chuid is mó. Trí bhreathnóireacht an mhúinteora, trialacha agus féinmheasúnú, gnóthaíonn na scoláirí feasacht ar a leibhéal agus ar a ndul chun cinn i gcaitheamh an chúrsa. Ba chóir na cuspóirí foghlama don timthriall a bheith mar bhonn don mheasúnú. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na greillí féinmheasúnaithe sa CTCE agus sna Punanna Eorpacha Teanga.

B) Measúnú suimitheach

Ag deireadh an timthrialla beidh scrúdú in éisteacht, léamh, idirghníomhaíocht labhartha, cur in iúl labhartha agus scríobh.

Timthriall 3 (S6- S7)

A) Measúnú foirmitheach

Ba chóir gur measúnú foirmitheach a bheadh i gceist den chuid is mó. Trí bhreathnóireacht an mhúinteora, trialacha agus féinmheasúnú, gnóthaíonn na scoláirí feasacht ar a leibhéal agus ar a ndul chun cinn i gcaitheamh an chúrsa. Ba chóir na cuspóirí foghlama don timthriall a bheith mar bhonn don mheasúnú. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na greillí féinmheasúnaithe sa CTCE agus sna Punanna Eorpacha Teanga.

B) Measúnú suimitheach

Ag deireadh an tríú timthriall, i scrúdú deireanach na Baitsiléireachta, déanfaidh na scoláirí scrúdú lárnach scríofa nó ó bhéal. De ghnáth, cumhdófar sna scrúduithe siollabas Bhliain 7, ach scrúdófar freisin eolas a ghnóthaítear sna blianta roimhe sin, go háirithe Bliain 6.

Sa chás go roghnaíonn scoláire an scrúdú scríofa i scrúdú deireanach na Baitsiléireachta, ní mór scileanna béaltrialach agus scileanna éisteachta an scoláire sin a thástáil go foirmeálta i rith na bliana deireanaí agus go mbeadh na marcanna mar dhlúthchuid den C mharc a bhronntar ar an ábhar.

Sa tslí chéanna, i gcás go roghnaíonn an scoláire an bhéaltrial i scrúdú deireanach na Baitsiléireachta, ní mór scileanna scríofa an scoláire sin a thástáil go foirmeálta i rith na bliana deireanaí agus go mbeadh na marcanna mar dhlúthchuid den C mharc a bhronntar ar an ábhar.

An scrúdú scríofa:

Beidh trí chuid sa pháipéar scríofa:

Cuid 1: Sliocht anaithnid léamhthuisceana, le ceisteanna bunaithe ar an téacs.

Cuid 2: Ceacht scríofa (ginchumais) le thart ar 250 focal ar théama atá gaolmhar i slí éigin le hábhar an téacs féin.

Cuid 3: Ceacht scríofa ar an litríocht ainmnithe ar théacs amháin nó ar dhá théacs.

An Bhéaltriall:

Beidh 20 nóiméad ag scoláirí chun an téacs a ullmhú. Ag tús na béaltriallach beidh deis ag an scoláire a chuid smaointe ar théama agus ar ábhar an téacs a chur in iúl. I ndiaidh a chéile, is cineál agallaimh idir an scoláire agus na scrúdaitheoirí a bheidh sa bhéaltriall. Beidh tuiscint an scoláire ar na téacsanna ainmnithe litríochta, téacs amháin nó an dá théacs, mar chuid den bhéaltriall seo.

Critéir mheasúnaithe

Tomhaiseann na scrúduithe deiridh a mhéad atá na cuspóirí foghlama don timthriall gnóthaithe ag na scoláirí. Déanfaidh na scrúduithe cumas na scoláirí a mheas chun téama a chur i láthair sa sprioctheanga, na príomhphointí a bhaint as, anailís a dhéanamh ar an ábhar agus dearcadh a chur in iúl. Ba chóir don scoláire tagairt a dhéanamh, mar is cuí, do ghnéithe ábhartha an sprioc-chultúir, litríocht, stair agus an tsochaí, agus ábaltacht a léiriú i dtaca le moirfeolaíocht, comhréir, foclóir agus nathanna cainte.

6. AGUISÍN:

Nótaí Tráchtá

Nótaí tráchtá atá sa roinn seo ar ranna áirithe den siollabas mar a bhfuil gá le soiléiriú. Tá na sleachta as an siollabas sa chló Iodálach.

a) Prionsabail theagascacha

Ba chóir na scileanna éisteachta, léitheoireachta, idirghníomhachta labhartha, cur in iúl labhartha agus scríbhneoireachta a fhorbairt go huile, ach braitheann a n-ualú coibhneasta ar an timthriall.

Sa chéad timthriall beidh an phríomhbhéim ar éisteacht, léamh agus idirghníomhaíocht labhartha agus leagfar níos lú béime ar chur in iúl labhartha agus scríobh.

Timthriall idirmheánach atá sa dara timthriall ina mbainfidh níos mó tábhachta le cur in iúl labhartha agus leagfar béim níos lú ar chomhráite. Is amhlaidh a bheidh freisin i gcás scil na scríbhneoireachta, a bheidh ina príomhchuspóir foghlama.

Sa tríú timthriall beidh an bhéim ar scríobh agus ar chur in iúl labhartha, agus caomhnófar na scileanna éisteachta, léitheoireachta agus idirghníomhaíochta labhartha.

Ba chóir go spreagfaí scoláirí chun tarraingt ar na scileanna teanga agus na straitéisí foghlama atá acu cheana.

Agus iad ag foghlaim na Gaeilge, tig le foghlaimeoirí leas a bhaint as an eolas agus an taithí atá gnóthaithe acu trí theangacha eile a fhoghlaim. Is féidir go dtiocfadh an-tairbhe do straitéisí foghlama na scoláirí as tarraingt ar na scileanna teanga atá acu cheana (“an éifeacht teanga threasach”) agus ba chóir go misneofaí iad lena n-úsáid. Aithneoidh scoláirí gnéithe suntasacha den teanga Ghaeilge óna n-eolas ar Bhéarla agus ar nuatheangacha eile. Baineann tábhacht le difríochtaí agus cosúlachtaí a aithint i sealbhú éifeachtach na teanga, e.g. an focal a bhíonn ag tús abairte sa teanga, córais dhifriúla moirfeolaíochta, coincheap na hinscne, etc. Úsáid mhachnamhach teanga, breathnúcháin chomparáideacha, agus léirthuisicint ar scileanna foghlaim teanga, ba chóir go bhfeabhsódh siad seo go mór feasacht agus sealbhú teanga agus go gcuirfeadh siad ar chumas na scoláirí machnamh a dhéanamh ar a n-iarrachtaí féin chun an teanga a fhoghlaim.

Ba chóir go mbeadh éagsúlacht sna modhanna teagaisc agus sa chur chuige a úsáidtear.

Tá sé an-tábhachtach go mbainfí úsáid as modhanna teagaisc éagsúla. Mar shampla, má bhaintear úsáid as tascanna gníomhacha foghlama, athraítear an fhoghlaim ó bheith ina heachtra neamhghníomhach ar an mórgóir, ceadaítear comhroinnt idéanna agus tuairimí, forbraítear scileanna sa smaointeoireacht chriticiúil agus déantar ábhair an cheachta a phearsanú níos fearr. Toisc go spreagann modheolaíochtaí gníomhacha foghlama an fhoghlaim neamhspleách, comhoibritheach, gnóthaíonn scoláirí níos mó as an taithí foghlama. San áireamh sna straitéisí seo, mar shampla, tá: cleachtaí ransaithe smaointe, obair bheirte agus obair ghrúpa, cleachtaí rólimeartha, nodchártaí a usáid, gníomhaíochtaí bileoga saothair, trátha na gceist, punainn, obair thionscnaimh, cur i láthair ag scoláirí agus díospóireachtaí.

Moltar úsáid a bhaint as modheolaíochtaí teagaisc difreáilte chun freastal ar riachtanais dhifriúla na scoláirí uile.

D’fhéadfadh go mbeadh sna rang-ghrúpaí TEN scoláirí ag a bhfuil réimse leathan ábaltachtaí agus taithí ar an teanga, agus ní mór ceann a thógaint díobh seo sa phleanáil ceachta. Is féidir go geruthódh feidhmiú modheolaíochtaí difreáilte teagaisc creatlach le freastal ar riachtanais dhifriúla na scoláirí. Is féidir oibriú ar chuspóirí nó spriocanna foghlama ag leibhéal dhifriúla.

Is féidir difreáil a thabhairt isteach trí straitéisí teagaisc éagsúla, mar shampla trí ábhair theagaisc a chur in oiriúint do leibhéil dhifriúla deacrachta le húsáid sa rang céanna nó trí thascanna scoláirí a dháileadh ag leibhéil dhifriúla i dtaca le toipic ar leith.

Ba chóir an leas is fearr a bhaint as na difríochtaí i stíleanna foghlama, rátaí foghlama, scileanna sóisialta, neartha agus laigí i measc na scoláirí.

I measc stíleanna foghlama áirítear cineálacha éagsúla cur chuige nó bealaí foghlama a chabhraíonn leis an scoláire aonair foghlaim mar is cóir. Tá ceangail idir stíleanna foghlama agus neartha scoláirí (físeacha, cloisteála) agus éirimiúlachtaí difriúla (teangúil, loighiciúil, ceolmhar, etc.) Ba cheart do mhúinteoirí a modheolaíochtaí a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais agus stíleanna difriúla foghlama a scoláirí. Dá eolaí orthu seo na múinteoirí, is ea is éifeachtúla na torthaí foghlama a bhainfear amach.

Tá sé intuigthe ó inniúlacht mhaith sa teanga i gcomhthéacs, go bhfuil tuiscint bainte amach de réir a chéile ar an teanga mar chóras.

Tá foghlaim teanga bunaithe ar chur chuige cumarsáideach, dírithe ar ghníomhaíocht. Dá bhrí sin, baineann tábhacht le ról an chomhthéacs. Ba chóir foclóir agus nathanna cainte a chur i láthair i suímh chomhthéacsúla, agus iad a fhorbairt ar bhealach córasach. Ag gach staid foghlama, tá sé tábhachtach go gcuirfí san áireamh gur gá do scoláirí dul i ngleic leis an sprioctheanga, céim ar chéim go forásach, agus go mbainfí feidhm chuiditheach as earráidí chun foghlaim a chothú. Mar sin féin, níor mhiste leibhéal réasúnta cruinnis a lorg in úsáid na teanga.

Ba chóir cumas soch-theangeolaíochta scoláirí a fhorbairt ionas go gcuimseofaí ann feasacht ar ghéithe mar réim theangeolaíochta, éagsúlachtaí teanga, etc.

Is é atá i gcumas soch-theangeolaíochta ná a bheith ábalta an bhrí shóisialta a ghabhann le h-éagsúlachtaí teangúla (réimeanna, stíleanna, canúintí, etc.) a aithint agus a léirthuiscint, teanga a úsáid leis an mbrí shóisialta a bheadh cuí don suíomh cumarsáideach agus tacú go gníomhach le forbairt comhráite.

Samplaí: a bheith ar an eolas maidir leis na difríochtaí atá idir suímh fhoirmiúla agus neamhfoirmiúla, bealaí chun beannú do dhaoine a aithint, eolas a bheith ag duine ar cathain agus conas is cóir a bheith moltach ar dhaoine eile, leithscéal a ghabháil, glacadh nó diúltú do chuiríochta, etc.

b) Cuspóirí foghlama

1. Timthrialla 1, 2 agus 3: cultúr na hÉireann agus na bpobal a labhraíonn Gaeilge (6)

Le linn a gcuid staidéir ar an teanga, ba chóir go ngríosófaí scoláirí chun a n-eolas ar stair na hÉireann agus ar éabhlú na teanga Ghaeilge a fhorbairt, ionas go mbeadh léirthuiscint níos fearr acu ar a n-oidhreacht theangúil agus chultúrtha.

2. Timthrialla 2 + 3: cóid idirchultúrtha (7)

Is é an túsphointe do thuiscint idirchultúrtha agus d'fheasacht ar chóid idirchultúrtha ná eolas maith ar na hachair a chruthaíonn difríochtaí cultúrtha: rialacha sóisialta, siombailí stairiúla, miotais, greann, modh maireachtála, gnásanna.

3. Timthrialla 2 + 3: straitéisí éifeachtacha a roghnú chun a f(h)oghlaim individiúil teanga féin a eagrú; agus bheith freagrach, níos mó agus níos mó, as a f(h)oghlaim teanga féin (8)

Ceann de spriocanna an tsiollabais seo ná foghlaimeoirí a spreagadh chun go nglacfaidís níos mó freagrachta orthu féin dá bhfoghlaim féin agus chun tuiscint a chothú ar conas dul i mbun teanga eile a fhoghlaim. Ionas go spreagfaí scoláirí chun a bheith ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha, féinriartha agus machnamhacha, is gá go gcothóidís straitéisí d'fhoghlaim éifeachtach teanga. Mar shampla, trí na scoláirí a chur ar an eolas maidir leis na cuspóirí foghlama ag tús gach ceachta agus iad a ghríosú le húsáid a bhaint as dialann foghlama, tig le múinteoirí cabhrú le scoláirí a gcuid foghlama féin a mheas. Má úsáidtear uirlisí mar ráitis 'is féidir liom' nó *An Punann Eorpach Teanga*, cuirtear ar chumas scolairí spriocanna foghlama réadúla pearsanta a shainaithint.

4. *Timthriall 3: Téacsanna a bhaineann le fadhbanna comhaimseartha, ina gcuireann scríbhneoirí dearchtaí sonracha chun tosaigh, a léamh agus a thuiscint, maille le hanailís a dhéanamh ar théacsanna liteartha cuí, idir phrós agus fhilíocht. (2)*

Ba cheart go mbeadh na scileanna ag scoláirí le bheith ábalta ar théacsanna as seánraí difriúla liteartha a léamh, a thuiscint agus a anailísiú, maille le seánraí neamhliteartha mar ailt nuachtán, litreacha chuig an eagarthóir, díospóireachtaí, etc. Sa chomhthéacs seo, is é a chiallaíonn anailís ná an cumas chun príomhtheachtairachtaí an téacs a chur in iúl agus a mhíniú, le cabhair téarmaí bunúsacha teicniúla, más gá.

c) **Ábhar**

1. foclóir agus nathanna cainte

I ngach timthriall, ba chóir go gcuirfeadh an foclóir ar chumas na scoláirí na cuspóirí foghlama a ghnóthú sna cúig scil teanga (féach cuspóirí foghlama 1-5).

Mar shampla, sa chéad timthriall ba chóir go bhféadfadh scoláirí *caint chaighdeánach labhartha, bunaithe ar achair a bhfuil ábharthacht phearsanta láithreach ag baint leo, a thuiscint agus an príomhphointe i dteachtairachtaí agus i bhfógraí gearra, soiléire a aimsiú*. Cabhróidh eolas ar nathanna agus corthaí cainte coitianta leis na scoláirí chun úsáid as a stuaim féin a bhaint as an sprioctheanga.

2. patrúin focal agus struchtúir ghramadaí shimplí

Ní mór tosaíocht a thabhairt d'úsáid agus d'fheidhmiúlacht teanga nuair a thagann múineadh na gramadaí i gceist. Ba chóir staidéar ar struchtúir theanga ar leith a chomhtháthú le gníomhaíochtaí agus le suímh chumarsáideacha. Is gá na struchtúir ghramadaí riachtanacha a fhorbairt agus a fhás go céimneach le linn na dtrí thimthriall. Ba cheart an t-eolas ar struchtúir ghramadaí ábhartha agus ar phatrúin focal a fhorbairt de réir na gcuspóirí foghlama do gach timthriall.

Mar shampla:

Sa tríú timthriall, ionas go mbeifí in ann *téacsanna mionsonraithe a scríobh go soiléir agus go cruinn, mar shampla aistí, tuairiscí, litreacha agus bloganna a chuireann dearchtaí nó barúla ar raon toipicí spéise ginearálta in iúl*, bheadh raon de struchtúir ghramadaí ag teastáil ó scoláirí.

3. Timthriall 1: feasacht ar thír/phobail na sprioctheanga

Moltar úsáid a bhaint as ábhar barántúil mar dhánta, míreanna gearra nuachta, greannáin, irisí, scéalta sí, gearrscéalta oiriúnaithe, etc. Sa chomhthéacs seo, bhainfeadh tairbhe ar leith le TFC.

Timthriall 2: eolas áirithe ar stair agus cultúr thír/phobail na sprioctheanga agus teagmháil áirithe le téacsanna liteartha

Ba cheart go mbeadh rochtain ag scoláirí ar raon sleachta as téacsanna agus ábhair éagsúla liteartha agus neamhliteartha, mar ghearrscéalta, dánta agus ailt nuachtán, etc.

Timthriall 3: léargas ar chultúr thír/phobail na sprioctheanga agus staidéar ar théacsanna liteartha san áireamh.

Ba chóir go ndéanfadh scoláirí staidéar ar shamplaí as na seánraí liteartha éagsúla, chomh maith leis na seánraí neamhliteartha. Níor mhór dhá shaothar liteartha iomlána a léamh ina mbunleaganacha.

d) Measúnú

1. Tomhaiseann na scrúduithe deiridh a mhéad atá na cuspóirí foghlama don timthriall gnóthaithe ag na scoláirí.

Ba chóir do mhuinteoirí úsáid a bhaint as na cuspóirí foghlama mar bhonn do mheasúnú na scoláirí.

2. Úsáid a bhaint as na greillí féin-mheasúnaithe sa CTCE agus sna Punanna Eorpacha Teanga.

Is úsáideach an uirlis é an féinmheasúnú chun inspreagadh agus feacht na scoláirí ar an bpróiseas foghlama a mhéadú. Cabhraíonn sé leis an bhfoghlaim a nearta agus a laigí a aimsiú agus eagar níos éifeachtúla a chur ar a f(h)oghlaim.

Sna Punanna Eorpacha Teanga agus sa CTCE, seoltar isteach greillí féinmheasúnaithe (ráitis “is féidir liom”) mar uirlis éifeachtach bhreise don fhoghlaim teanga.